2025/1173

11.6.2025

CINNEADH (CBES) 2025/1173 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 10 Meitheamh 2025

maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/365 (EUNAVFOR ATALANTA/2/2025)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES ón gComhairle an 10 Samhain 2008 maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA) ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Samhain 2008, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES, lena ndéantar foráil maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA).

(2) De bhun Airteagal 6(1) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES, thug an Chomhairle údarú don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí a dhéanamh a bhaineann le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh EUNAVFOR ATLANTA ('Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh').

(3) An 18 Feabhra 2025, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2025/365 ([2]), lena gceaptar an Seachaimiréal Davide DA POZZO mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh.

(4) An 8 Bealtaine 2025, mhol údaráis mhíleata na Spáinne an Seachaimiréal Francisco Javier VÁZQUEZ SANZ a theacht i gcomharbas ar an Seachaimiréal Davide DA POZZO mar Cheannasaí Fórsa nua an Aontais Eorpaigh.

(5) An 9 Bealtaine 2025, thacaigh Ceannasaí Oibríochta an Aontais le haghaidh EUNAVFOR ATALANTA leis an gceapachán molta.

(6) An 14 Bealtaine 2025, thacaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an gceapachán molta agus chomhaontaigh sé go gceapfaí an Seachaimiréal Francisco Javier VÁZQUEZ SANZ mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh EUNAVFOR ATALANTA.

(7) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an Seachaimiréal Francisco Javier VÁZQUEZ SANZ a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2025/365 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceaptar an Seachaimiréal Francisco Javier VÁZQUEZ SANZ mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA) ón 12 Meitheamh 2025.

Airteagal 2

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2025/365 a aisghairm.

([1]) IO L 301, 12.11.2008, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2008/851/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2025/365 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 18 Feabhra 2025 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/2983 (EUNAVFOR ATALANTA/1/2025) (IO L, 2025/365, 19.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/365/oj).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 12 Meitheamh 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Meitheamh 2025.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

D. PRONK